



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 25 Meitheamh 2018
(OR. en)

10026/18

COAFR 159
CFSP/PESC 595
DEVGEN 105
CSDP/PSDC 358
CIVCOM 127
MIGR 89
COHAFA 45
COHOM 86

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	An tSaiheil/Mailí
	- Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSaiheil/Mailí, mar a glacadh iad ag an 3628ú cruinniú de chuid na Comhairle, ar an 25 Meitheamh 2018.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an tSaiheil / Mailí

1. An tacaíocht a fuarthas ón gcomhphobal idirnáisiúnta do réigiún na Saiheile ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Ardleibhéil maidir leis an tSaiheil, a bhí ar siúl sa Bhruiséil ar an 23 Feabhra 2018, ní fhacthas a leithéid riamh roimhe sin. Áitíonn an tAontas ar gach páirtí leasmhar na ranníocaíochtaí a gheall siad ag an gComhdháil a shoiléiriú gan mhoill agus beart a chur le briathar. Is maith an léiriú ar chomhpháirteachas leathan toradh-dhírithe an Aontais i dtaca le G5 na Saiheile an cruinniú Aireachta AE-G5 a ghairm an tArdionadaí le déanaí sa Bhruiséil. Más ea, is mian leis an Aontas athdhearbhú a thabhairt ar chomhpháirteachas straitéiseach cuimsitheach an Aontais i leith réigiún na Saiheile, bunaithe ar Straitéis an Aontais i leith na Saiheile gona Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach.
2. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí cobhsúcháin atá ar siúl ag tíortha G5 na Saiheile agus beidh sin ina bhonn don fhorbairt i réigiún na Saiheile. Chuige sin, teastóidh cur chuige cobhsúcháin comhtháite i leith na n-ionstraimí idirnáisiúnta agus náisiúnta; ní mór béim a chur ar an úinéireacht áitiúil agus cur chuige comhtháite a sheachadadh ar an leibhéal polaitiúil a thabharfaidh an cumhdach céanna don tslándáil, don rialachas agus do chúrsaí forbartha. Ní mór aghaidh a thabhairt ann ar bhunsíocair na ndúshlán iolartha atá roimh an réigiún agus forbairt inmharthana chuimsitheach an limistéir a chur chun cinn. Ina theannta sin, teastóidh rialachas cuimsitheach agus éifeachtúil a shásóidh riachtanais agus aislingí na ndaoine sa chríoch sin. Leanfaidh an tAontas dá chomhar le tíortha G5 na Saiheile; is mian leis go ndéanfaí comhordú níos fearr leis na gníomhaithe idirnáisiúnta go léir atá ag feidhmiú sa réigiún chun dul i ngreim sna dúshláin sin. Ina theannta sin, is féidir cuidiú ar bhealach suntasach chun na críche sin le tionscadail an Aontais, amhail GAR-SI Sahel. Bíonn lámh mhór freisin sna hiarrachtaí sin ag tionscnaimh amhail Comhaontas na Saiheile ar mhaithe le seachadadh na gclár forbartha go mór mór sna ceantair sin is leochailí cás.

3. Faoi chuimsiú rún 2391 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), is mian leis an Aontas a dheimhniú a thiomanta atá sé don chomhpháirteachas le tíortha G5 na Saiheile, agus tacú leo chun Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile a chur chun oibríochta – lena n-áirítear trí bhíthin na Saoráide um Shíocháin san Afraic agus um Chomhordú maidir le hInfheistíocht (saoráid a phléann le ranníocaíochtaí, idir mhíleata is neamh-mhíleata, a dhéantar ar mhaithe le cearta an duine agus le fothú na muiníne i measc mhuintir na háite *inter alia*) – agus i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe (NA), leis an Aontas Afracach (AA), agus le heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus foréigiúnacha eile, go háirithe Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS). Iarrann an tAontas ar thíortha G5 na Saiheile lánúsáid a bhaint as a bhfuil de shaighdiúirí agus póilíní fós ar fáil d'fhonn lánacmhainneacht oibríochtúil an Fhórsa Chomhpháirtigh a bhaint amach agus oibríochtaí frithsceimhlitheoireachta a chur ar siúl. Is den tábhacht go mbogfaí chun cinn agus go mbunófaí struchtúir iomchuí chun gur féidir Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile a neadú i gcreat polaitiúil agus institiúideach níos leithne. Ós amhlaidh atá, is é mian an Aontais go gcuirfí chun oibríochta gan mhoill creat stóinseach comhlíontachta d'fhonn sáruithe agus mí-úsáid ar chearta an duine, mar aon le sáruithe ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta, a chosc, a imscrúdú, a fhriotháil, agus a thuairisciú go poiblí.
4. Is den rithábhacht a leithéid freisin chun an chuntasacht a áireamh agus chun go dtabharfaí go hiomchuí faoi réim an Cheartais iad siúd, a mbíonn amhras fúthu as sceimhlitheoireacht agus coireanna eile, a ghabhtar le linn oibríochtaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go dtacófaí leis na breithiúna náisiúnta agus go mbeadh comhar breithiúnach réigiúnach ann ionas gur féidir amhrastaigh agus fianaise a aistriú go dlíthiúil ó dhlínse go dlínse. Anuas air sin, is díol béime ag an Aontas a thábhachtaí atá sé caidreamh comhoibríoch tairiseach a bhunú idir Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile agus muintir na háite sin ina mbíonn oibríochtaí an Fhórsa ar siúl. Ní féidir an caidreamh sin a bhaint amach gan tacú le heagraíochtaí áitiúla de chuid na sochaí sibhialta agus le gníomhaithe eile amhail an Coimisiún Náisiúnta um Chearta an Duine ar mhaithe le hacmhainneacht áitiúil agus iontaoibh a chruthú idir na fórsaí slándála agus an daonra.

Molann an tAontas d'Uachtaránacht G5 leanúint den obair a eascraíonn as an doiciméad deiridh ón gComhdháil Ardleibhéil i ndáil le Cearta an Duine agus i ndáil le muinín na bhfórsaí slándála agus na ndaonraí áitiúla as a chéile i réigiún na Saiheile a neartú, a reáchtáladh sa Bhruiséil ar an 22 Feabhra; tá an tAontas ar tinneall chun tacú leis an bpróiseas sin.

5. Meabhraítear don Aontas an lámh stuama a bhí ag misin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) sa tSaiheil (EUCAP Sahel Mali agus EUTM Mali agus EUCAP Sahel Niger), i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach sna tíortha sin ina raibh siad lonnaithe, lena n-áirítear an tacaíocht a thug siad don Fhórsa Comhpháirteach (an chuid sin di a bhain le póilíní/*gendarmerie* san áireamh). Chun na críche sin, rachaidh an tAontas chun cainte le rialtais thíortha G5 na Saiheile chun a áirithiú go ndéanfar comhtháthú éifeachtach isteach sna fórsaí slándála náisiúnta ábhartha ar an bpearsanra a oilfear i misin de chuid CBSC. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá neartú na gcumas náisiúnta ag gníomhaíochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta sa tSaiheil – mar aon le réigiúnú an Chomhbheartais sin – d'fhonn neartú (mar is iomchuí) a dhéanamh ar an tacaíocht shibhialta agus mhíleata a thugtar don chomhar trasteorann, ar na struchtúir réigiúnacha comhair – go háirithe dóibh siúd de chuid G5 na Saiheile – agus ar acmhainn na dtíortha G5 aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála an réigiúin. Tá sé tábhachtach freisin go neartófaí úinéireacht na dtíortha G5 ar na dúshláin sin. Cuirfear san áireamh sa chur chuige sin iarrachtaí an Aontais, lena n-áirítear CBSC, chun an Libia a chobhsú.
6. Is mian leis an Aontas Eorpach a thacaíocht a athdhearbhú do Mhisean Cobhsaíochta Comhtháite Ilghnéitheach na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA), misean a fheidhmíonn i dtimpeallacht atá casta go leor, agus molann sí go ndoimhneofaí a thuilleadh an comhar agus na sineirgí atá idir na gníomhaithe éagsúla agus na misin ar dhroim talún. Molann an tAontas na hiarrachtaí atá ar siúl ag na Náisiúin Aontaithe chun tacú le Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile. Is díol sásaimh dó an ról ceannasach tacaíochta atá ag MINUSMA i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Síocháin agus Athmhuintearas i Mailí. Bíodh is gur maith a thuigeann an tAontas gur orthu siúd a shínigh an Comhaontú agus ar na gníomhaithe ábhartha eile atá ar dhroim talún i Mailí atá an chéad fhreagracht as an bpróiseas síochána, ba mhaith leis go nglacfadh MINUSMA ról níos treisithe agus níos spriocdhírithe i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

7. Ó tharla an leochaileacht, an triomach, agus ardphraghas an bhia ag méadú leo i gcaitheamh an ama, is cúis mhór imní don Aontas a dhéine atá an ghéarchéim bia agus cothaithe. Iarrann sé ar na Rialtais sin atá i gceannas géarú ar an gcúnamh agus cosaint tarrthála atáthar a sholáthar, go háirithe do theifigh, do dhaoine a easáitíodh ina dtír féin, do mhná, do leanaí agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas. Agus sin ar siúl, agus i gcomhlántacht le hiarrachtaí na Rialtas, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na milliúin sa réigiún, ar leochaileach dá gcás agus atá buailte ag coinbhleachtaí, ag éiginnteacht fhorleathan, ag tubaistí nádúrtha – arís is arís eile – agus ag an mbochtaineacht. Ina theannta sin, neartóidh an tAontas an teacht aniar ata sna daoine céanna sin. Ní mór an nasc atá idir an t-athrú aeráide agus an tslándáil a thabhairt go lár báire san idirphlé beartais, sa chosc coinbhleachta, i straitéisí forbartha, i straitéisí riosca tubaiste, agus an nascáil a áirithiú go hiomlán leis an ngníomhaíocht dhaonnúil sa tSaiheil, réigiún atá buailte go dona ar fad ag an athrú aeráide.
8. An comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, an gháinneáil drugaí, an gháinneáil arm, an gháinneáil ar dhaoine – sin iad na dúshláin chomhchoiteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Meabhraítear don Aontas a dhlúthpháirtíocht iomlán féin leis na tíortha agus leis na pobail sin a bhíonn faoi ionsaí rialta ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus cáineann sé go tréan na sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine a dhéanann na grúpaí sin go háirithe i gcoinne sibhialtach.
9. Is mian leis an Aontas athdhearbhú a dhéanamh ar an ról ríthábhachtach a bhíonn ag mná agus cailíní chun an tsíocháin, an fhorbairt, agus an rathúnas a áirithiú, agus iarrann sé ar chomhpháirtithe na Saiheile cumhachtú cailíní agus na mban, agus na Cearta sin de chuid an Duine a thugtar dóibh, a chosaint agus a chur chun cinn. Ciallaíonn sin nach mór a áirithiú go mbeidh comhionannas le fáil ag mná agus ag cailíní san oideachas agus i dtaca le deiseanna eacnamaíocha, go gcuirfear feabhas ar an rochtain a thabharfar dóibh ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe, agus go neartófar an lámh a bheidh acu mar ghníomhaithe polaitiúla, lena n-áirítear tráth freagartha géarchéime.

Má táthar le comhdhlúthú a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach go dtí seo i dtaca le cúrsaí forbartha, le cosc an antoisceachais fhoréignigh, agus le gleic na sceimhlitheoireachta agus an radacaithe, ní mór infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt, i gcumhachtú, agus i bhfostú an aosa óig sa tSaiheil. Is cloch choirnéil de chuid na comhpháirtíochta idir an tAontas agus tíortha G5 na Saiheile iad na hiarrachtaí sin darb aidhm cosc na coinbhleachta.

Aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, lena n-airítear méadú daonra sa tSaiheil, - beidh ról lárnach aige sin, más ea, má tá rathúnas agus slándáil le bheith sa réigiún feasta.

10. Is mian leis an Aontas a athdhearbhú a thiomanta atá sé do neartú an chaidrimh atá aige le tíortha G5 na Saiheile i dtaca le cúrsaí imirce sa réigiún i gcomhréir le cúig cholún Phlean Gníomhaíochta Vaileite, leis an gCreat Comhpháirtíochta, le Dearbhú Abidjan idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, agus leis an obair atá ar bun ag an Tascfhórsa Trípháirteach idir an tAontas Afracach, an tAontas Eorpach, agus na Náisiúin Aontaithe i dtaca le ceist na himirce sa Libia. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir an gá atá le hiarrachtaí comhchoiteanna le tíortha G5 na Saiheile chun an bheatha a tharrtháil, chun cuidiú agus cosaint a thabhairt d'imircigh agus dídeanaithe, an smuigleáil agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, rochtain dhaonnúil a áirithiú do na pobail sin atá suite i limistéir choinbhleachta agus ar leochaileach dá gcás, agus rogha inmharthana – seachas an imirce neamhrialta go háirithe – a thabhairt do na pobail sin atá suite feadh na bpríomhbhealaí idirthurais. Is den ríthábhacht freisin go bhfeabhsófaí an comhar i dtaca le daoine a chur ar ais agus a athligean isteach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le caighdeáin idirnáisiúnta. Is mian leis an Aontas a athdhearbhú a dhiongbháilte atá sé tacú le comhar leathan idir tíortha i réigiún na Saiheile agus an Libia i saothrú na gcuspóirí sin agus le dul i ngreim sna dúshlán ghaolmhara trasteorann, lena n-áirítear teorainneacha theas na Libia, agus staid na slándála sa réigiún sin á cur san áireamh freisin aige.
11. Fágann cúrsaí Mhailí a lorg i réigiún na Saiheile agus in áiteanna is faide i gcéin. Ní mór tuilleadh den dul chun cinn a dhéanamh, agus sin a bheith comhsheasmhach, i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais i Mailí. Iarrann an tAontas ar na páirtithe a shínigh Comhaontú na hAilgéire agus ar gach geallsealbhóir agus ionadaí de chuid an phobail i dtuaisceart Mhailí na forálacha sin de chuid an Chomhaontaithe nár cuireadh chun feidhme fós a chur chun feidhme láithreach. Ní mór cur le rannpháirtíocht na mban, an aosa óig, agus na sochaí sibhialta sa phróiseas, agus ní mór dealramh a bheith leis an gcaoi a ndéantar sin. Chun na críche sin, ní mór do lucht sínithe an Chomhaontaithe an chumarsáid a fheabhsú le muintir Mhailí i dtaca leis an gComhaontú Síochána agus Athmhuintearais agus lena chur chun feidhme, mar a mhol Breathnóir Neamhspleách an Chomhaontaithe sa chéad tuarascáil uathí. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh rún 2374 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena mbunaítear córas smachtbhannaí i Mailí agus meabhraítear dó go measfar ina chonstaic roimh an tsíocháin aon pháirtí nach dtabharfaidh a dhíol féin den chuidiú sa phróiseas síochána.

12. Is gearr go mbeidh toghchán ar siúl i Mailí agus fágfaidh sin a lorg féin go lá is faide anonn ar chobhsaíocht agus ar fhorbairt na tíre agus an réigiúin máguaird. Is mian leis an Aontas a athdhearbhú a thiomanta atá sé tacú le Mailí sa phróiseas sin agus is díol sásaimh dó cinneadh an Ardionadaí leas a bhaint as Misean Breathnóireachta Toghcháin (EOM) le linn thoghchán na hUachtaránachta i mí Iúil 2018. Próiseas toghchánach a bheidh inchreidte trédhearcach fad a bhaineann leis na saoirsí bunúsacha, agus sin amháin, a áiritheoidh go mbeidh ag an gceannaireacht a thoghfar an dlisteanacht a bheidh de dhíth chun dul i ngreim sna dúshláin a bhaineann le cearta an duine i Mailí agus leis na dúshláin iolartha slándála, dhaonnúla, rialachais, agus forbartha eile. Ní mór do gach gníomhaí i Mailí, go háirithe na comhlachtaí ábhartha rialtais, a seacht ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na toghcháin sin inchreidte, trédhearcach, cuimsitheach agus síochánta.
13. Is mian leis an Aontas a thiomantas a athdhearbhú. Tá sé ar tinneall chun leanúint dá ghuaillíocht le Mailí agus í ag féachaint le feabhas a chur ar chúrsaí slándála agus forbartha i dtuaisceart agus i lár na tíre, agus le smacht iomlán a ghabháil an athuair ar an tír. I ndlúthchomhar leis na gníomhaithe slándála agus forbartha go léir, lena n-áirítear MINUSMA, ní staonfaidh an tAontas dá thacaíocht ar mhaithe le caidrimh agus córais áitiúla a fhorbairt i Mailí Láir chun cúrsaí coinbhleachta a bhainistiú agus iontaoibh an phobail shibhialta agus na n-údarás stáit as a chéile a chosaint, lena n-áirítear an iontaoibh i measc na bpobal féin, agus urraim iomlán á tabhairt do chearta an duine, don smacht reachta agus don dea-rialachas. Maidir le feabhas a chur ar chaidreamh na bpobal le chéile, is ceart tacú leis an méid sin trí sheirbhísí agus bonneagar poiblí a chur ar fáil, mar a fhoráiltear sna pleananna náisiúnta sin a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.